An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Tuarascáil Chomhairliúcháin ar na dréachtsonraíochtaí curaclaim le haghaidh Teangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta: an tSean-Ghréigis agus an Laidin

Feabhra 2022

# Clár an Ábhair


Réamhrá ..... 1

1.1 Forléargas ..... 1

1.2 An Próiseas Comhairliúcháin ..... 1

Aiseolas ón gComhairliúchán ..... 4

2.1 Ag foghlaim teanga clasaicí ..... 4

2.2 Rochtain ..... 5

2.3 Réasúnaíocht agus Aidhm ..... 6

2.4 Struchtúr an Chúrsa Snáitheanna agus torthaí foghlama ..... 6

2.5 Socruithe don scrúdú scríofa ..... 8

2.6 An Dara Comhpháirt Measúnaithe ..... 9

Breithnithe agus Conclúidí ..... 11

3.1 Breithnithe ..... 11

3.2 Conclúid ..... 12

# Réamhrá

## 1.1 Forléargas

Cuireadh na Sonraíochtaí do Theangacha Clasaiceacha na hArdteistiméireachta ar fáil le haghaidh comhairliúchán náisiúnta poiblí ón 19ú Deireadh Fómhair go dtí an 18ú Eanáir 2022. Ba é aidhm an chomhairliúcháin seo tuairimí oscailte agus ionraice an phobail a lorg maidir leis an gcuraclam agus socruithe measúnaithe sna dréachsonraíochtaí nua do Shean-Ghréigis agus do Laidin na hArdteistiméireachta

Léiríonn na freagraí a tugadh sa chomhairliúcháin go bhfuil dearcadh an-dearfach ann i leith na sonraíochtaí ar an iomlán. Moladh go mór an cur chuige a úsáideadh inar baineadh leas as gnéithe den chur chuige creatlacha, cur chuige a úsáideadh le haghaidh dhearadh churaclam na nua-teangacha ach inar aithníodh an éirim agus an cuspóir a bhaineann le foghlaim teangacha clasaiceacha. Dearbhaíodh an Réasúnaíocht agus Aidhm a bhí luaite le gach ábhar agus cuireadh fáilte roimh chur in iúl leibhéal na sonraíochtaí, rud a ligfidh do gach scoláire rochtain a bheith acu ar na hábhair. D'aontaigh mórán le sonrú na snáithe agus cur in iúl na dtorthaí foghlama Cuireadh fáilte forleathan roimh na socruithe measúnaithe agus féachadh ar dara comhpháirt measúnaithe mar rud dearfach. Bhí roinnt imní ann faoi leibhéal sainiúlachta maidir leis an gcaoi ar cuireadh torthaí foghlama ar leith i láthair agus dúirt roinnt daoine a thug freagraí gur mhaith leo níos mó eolais a fháil faoi na socruithe measúnaithe atá molta, faoi na cineál ceisteanna a bheadh sa scrúdú scríofa ach go háirithe.

Tabharfar níos mó eolais ar ghnéithe na dtorthaí ginearálta seo sna coda seo a leanas den tuairisc.

## 1.2 An Próiseas Comhairliúcháin

Is iad na gnéithe seo a leanas a bhain leis an bpróiseas comhairliúcháin: suirbhé ar líne, aighneachtaí i scríbhinn agus plé grúpaí fócais, rud a eagraíodh chun rannpháirtíocht scoláire agus saineolaithe tríú leibhéal a éascú.

Sa suirbhé ar líne grúpáladh ceisteanna faoi na réimsí leathana seo a leanas le haghaidh aiseolais:

- Ag foghlaim teanga clasaicí
- Rochtain an scoláire ar na sonraíochtaí (an cineál réamhfhoghlamtha atá de dhíth)

- Struchtúr an chúrsa, lena n-áirítear sonrú snáithe agus torthaí foghlama
- Socruithe measúnaithe, lena n-áirítear an scrúdú scríofa agus an dara comhpháirt measúnaithe

Reáchtáladh seisiún fócasghrúpa le grúpa de 11 scoláire ó scoileanna difriúla ar an Luan, an 17ú Eanáir, 2022. Scoláirí Laidine nó Sean-Gréigise ab iad na rannpháirtithe agus iad ón tríú bliain, ón Idirbhliain, ón gcúigiú bliain agus ón séú bliain. Mar gheall ar na srianta reatha a bhain le COVID-19, is ar líne a reáchtáladh an seisiún.

Sa ghrúpa fócais le scoláirí spreagadh na rannpháirtithe chun machnamh a dhéanamh ar na gnéithe seo a leanas de na sonraíochtaí.

- Réasúnaíocht, Aidhm agus Cuspóirí
- Céard is brí le hinniúlachtaí ilteangacha agus ilchultúrtha agus cén fáth a bhfuil siad tábhachtach
- Forbhreathnú ar an gCúrsa: an chaoi a bhfuil foghlaim teanga, litríocht agus cultúr fite fuaite lena chéile
- Snáitheanna agus torthaí foghlama
- Ag féachaint go criticiúil ar ghnéithe cigilteacha den domhan clasaiceach chomh maith leis na gaiscí agus na gnéithe dearfacha a bhain leis.
- Socruithe measúnaithe, lena n-áirítear an scrúdú scríofa agus an dara comhpháirt measúnaithe

Reáchtáladh fócasghrúpa eile ar líne Dé Máirt, an 18ú Eanáir, 2022 in éineacht le seisear acadóirí tríú leibhéal ó ollscoileanna in Éirinn agus sa Riocht Aontaithe a bhfuil saineolas ar leith acu ar mhúineadh na dteangacha clasaiceacha. Is éard a bhí i gceist leis seo ná plé leathan inar iarradh ar rannpháirtithe tuairimí a roinnt madair leis na sonraíochtaí agus moltaí a dhéanamh chun leasú nó eagraíocht a dhéanamh orthu.

Fuarthas dhá aighneacht scríofa ó acadóirí, duine amháin díobh atá ag obair mar léachtóir ollscoile agus ceann eile ó ollamh atá ar scór. Chuir Cumann Clasaiceach na hÉireann-Múinteoirí, an cumann do mhúinteoirí na dteangacha clasaiceacha, mion-aighneacht i scríbhinn, bunaithe ar cheisteanna a cuireadh sa suirbhé ar líne.

Tugtar breac-chuntas i dTábla 1 thíos ar mhiondealú déimeagrafach na bhfreagróirí an tsuirbhé ar líne.

| | |
|---|---|
| Múinteoir Sean-Ghréigise iar-bhunscoile | 1 |
| Múinteoir Laidine iar-bhunscoile | 2 |

| | |
|---|---|
| Mac léinn tríú leibhéal | 1 |
| Scoláire iar-bhunscoile | 7 |
| Phríomhoide iar-bhunscoile | 1 |
| Oideoir múinteoirí | 1 |
| Léachtóir / taighdeoir tríú leibhéal | 2 |
| **Iomlán** | **15** |

**Tábla 1: Miondealú déimeagrafach ar fhreagróirí an tsuirbhé ar líne**

Ba cheart béim a leagan ar dhá phointe anseo

1. Díol spéise gur scoláire iar-bhunscoile reatha leath de na freagróirí, comhartha dearfach dá spéis sna hábhair agus fianaise ar guth an scoláire sa phróiseas comhairliúcháin.

2. Ba cheart líon na bhfhreagróirí ar múinteoirí iad a mheas i gcomhthéacs mionaighneachta ar leith ó chumann múinteoirí an ábhair (CCE-M)
   Mar bhonn eolais faoin aighneacht, bhí dearcthaí 10 múinteoirí teanga atá i mbun cleachtais, rud
   a dheimhnigh cathaoirleach an chumainn a shínigh an tuarascáil thar ceann na mball.
   Chomh maith le líon na bhfreagróirí ar múinteoirí iad a thug freagraí ar an suirbhé, léiríonn an comhairliúchán dearcthaí tuairim de 90% na múinteoirí Laidine agus Sean-Ghréigise i mbun cleachtais

# Aiseolas ón gComhairliúchán

## 2.1 Ag foghlaim teanga clasaicí

Sna dréachtsonraíochtaí ar an tSean-Ghréigis agus ar an Laidin, cosúil leis na sonraíochtaí eile ar na nuatheangacha, tá roinn dar teideal *Foghlaim agus oideachas teanga*. Leagtar amach ann an tábhacht a bhaineann le foghlaim teanga i sochaí dhomhanda ilteangach, ilchultúrtha agus na buanna dearfacha agus na tairbhí a fhaigheann an scoláire, lena n-áirítear na scileanna, an t-eolas, an tuiscint, agus na luachanna a fhaigheann sé ó eispéiris foghlama teanga.

Murab ionann agus sonraíochtaí na nua-theangacha, tá roinn sna sonraíochtaí do na Teangacha Clasaiceacha dar teideal *Ag foghlaim teanga clasaicí* Is éard atá i gceist leis seo ná comhthéacs a chur ar fáil don éirim agus don chuspóir ar leith a bhaineann le foghlaim teangacha clasaiceacha agus do dhearadh shonraíochtaí na dteangacha clasaiceacha. Admhaíonn sé an cur chuige creataigh le haghaidh sonraíochtaí teangacha iasachta ach admhaíonn sé freisin an bhéim dhifriúil atá i gceist le foghlaim teanga clasaiceacha , teanga ina bhfuil sé mar chuspóir ag na foghlaimeoirí téacsanna a scríobhadh sa teanga ársa sin a léamh go héifeachtach.

Iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé agus ar bhaill den ghrúpa fócais machnamh a dhéanamh faoi a ábhartha is atá an roinn seo de na sonraíochtaí. Fuair an roinn seo moladh mór mar chur síos cuí ar an éirim ar leith a bhain le teanga chlasaiceach a fhoghlaim agus an tábhacht a bhí leis- d'aontaigh (nó d'aontaigh go mór) os cionn 86% de fhreagróirí an tsuirbhé ar líne go raibh an roinn cuí.

San aighneacht ó CCE-M, cumann atá ag déanamh ionadaíochta do mhúinteoirí teangacha clasaiceacha atá i mbun cleachtais, dúradh gur *ráiteas an-chuí is ea seo do na Sonraíochtaí Nua do na Teangacha Clasaiceacha. Go háirithe, leagann sé béim ar thábhacht na dTeangacha Clasaiceacha i gcomhthéacs teangacha eile.*

Dúirt de na rannpháirtithe sa grúpa fócais tríú leibhéal go gcabhróidh an ailíniú le creat na dteangacha iasachta cur in éadain na tuairime coitianta go bhfuil an Laidin agus tSean-Ghréigis níos deacra ná nuatheangacha.

Luaigh scoláire sa suirbhé ar líne:

> *Cabhraíonn mo staidéar ar na Teangacha Clasaiceacha le mo thuiscint ar théacsanna i dteangacha eile agus i réimsí eile. Chur siad feabhas ar mo scileanna smaointeoireachta criticiúla agus ar mo chumas trí chéile anailís a dhéanamh ar aistí argóintí agus litríocht i measc réimse leathan de shaothair eile. Bhí sé ina chabhair mhór dom agus maidir leis an gcuid is mó de na hábhair a ndéanaim staidéar orthu.*

Dúirt scoláire ón ngrúpa fócais iar-bhunscoile gur mealladh é chuig staidéar na Laidine toisc go raibh sé *loighciúil córasach, agus toisc go raibh rialacha le leanúint - tá an-bhaint aici le teangacha*

*eile*. A luaigh scoláire eile a bhí sa ghrúpa na tairbhí a bhí ag an Laidin don scoláire a dhéanann staidéar ar an eolaíocht nó ar an leigheas, ábhair a bhfuil baint ag gnéithe den teanga leo go minic.

Luaigh scoláire eile gur *chaith sé an Fraincis uaidh agus gur thosaigh sé ag déanamh staidéir ar an Laidin. Tá gontacht agus soiléireacht ag baint léi, go háirithe sna rialacha gramadaí.* Mar sin féin, luaigh sé freisin go *gcaithfidh cothromaíocht a bheith ann idir teanga agus cultúr* agus chuir sé béim ar a thábhachtaí is a bhí sé an dá rud a *chumasc* fad is a bhí sé ag trácht ar struchtúr an chúrsa ina iomláine.

## 2.2 Rochtain

Sa chuid *Ag foghlaim teanga chlasaiceach*, déantar machnamh freisin ar cén sórt réamhfhoghlamtha atá de dhíth ag scoláire ionas go mbeidh rochtain aige ar na sonraíochtaí.

Admhaítear sa chuid ábhartha den sonraíocht go gcuireann foghlaimeoirí theangacha clasaiceacha na hArdteiste a stór teangacha agus a n-eispéiris féin i bhfeidhm nuair a fhoghlaimíonn siad teanga chlasaiceach, cosúil le foghlaimeoirí na nua-theangacha iasachta. Admhaítear go bhféadfadh leibhéil éagsúla scileanna sna teangacha clasaiceacha agus inniúlacht ilteangach agus ilchultúrtha a bheith ag foghlaimeoirí, bunaithe ar a bhfuil foghlamtha acu go dtí seo. Ceaptar sonraíochta Teangacha Chlasaiceacha na hArdteiste d'fhoghlaimeoirí ó gach cúlra teanga. Áirítear leis seo foghlaimeoirí a bhfuil roinnt taithí acu cheana féin leis an teanga - mar shampla, tríd an snáithe "Teanga Chlasaiceach" i gClasaicí na Sraithe Sóisearaí- agus foghlaimeoirí nach bhfuil aon taithí acu ar an teanga. Mar aon le hábhair eile de chuid na hArdteistiméireachta, déantar measúnú a mheas ag Gnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal araon do gach foghlaimeoir.

Sa chuid seo den suirbhé ar líne, iarradh ar fhreagróirí a thabhairt le fios conas mar a d'aontaigh siad maidir lena ábhartha is a bhí an chuid den shonraíocht inar pléadh an leibhéal réamhfhoghlamtha a bhí ag teastáil ón scoláire. Moladh go mór an cur chuige a úsáideadh. D'aontaigh 80% de na freagróirí ar líne gurb é an cur chuige ceart é.

Tá an méid sin ina mhacalla den aiseolas a fuarthas sa comhairliúcháin ar an gcáipéis eolais agus Treoir a ghabh leis na sonraíochtaí seo ina tugadh rabhadh go raibh inmharthanacht na Laidine agus na Seam-Ghréigise i mbaol mura gcuirfí ar fáil iad do cohórt níos leithne do scoláirí agus scoileanna féideartha. Ba mhéanar don ghrúpa fócais tríú leibhéil go mbeidh rochtain ag an scoláire ar na sonraíochtaí gan aon taithí riachtanach aige ar na teangacha. Luadh go mbeidh scoláire a thabharfadh faoi na sonraíochta gan cúlra sna teangacha clasaiceacha 16 nó 17 bliain d'aois agus gur dhócha go mbeadh cúlra aige ag déanamh staidéar ar an nGaeilge, ar an mBéarla, nó ar theanga eile, rud a bheadh ina bhunús maith le tabhairt faoi na teangacha. Luíodh in aighneacht CCE-M: *Tá sé tábhachtach freisin go gcuirfear in iúl go mbeidh*

*teanga chlasaiceach an-ábhartha do shaol na bhfoghlaimeoirí agus gur cheart an tsonraíocht seo a bheith ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí go léir.*

## 2.3 Réasúnaíocht agus Aidhm

Cosúil leis an glacadh mór leis an roinn roimhe seo, ba é tuairim fhreagróirí an comhairliúcháin ar Réasúnaíocht agus Aidhm gach teanga go raibh siad oiriúnach. Bhí freagróirí an tsuirbhé an-tógtha le sraith ráiteas ón Réasúnaíocht agus Aidhm.

Ba cheart a thabhair faoi deara gurbh é an ráiteas a raibh na freagraí patuar nó easaontais is mó ná ceist a d'fhiafraigh an dtugtar spreagadh d'fhoghlaimeoirí sna dréachtsonraíochtaí nasc a dhéanamh le hábhair eile sa churaclam. Nuair a dhéantar anailís ar freagraí ar an ráiteas seo, is airde leibhéal an aontaithe ná leibhéal an patuara nó easaontaithe. Luaigh ollamh emeritus in aighneacht i scríbhinn go raibh dhá ghné de staidéar teanga ann, ar bhféadfaí iad a chur isteach sa Réasúnaíocht.

> *Molaim go láidir na sonraíochtaí nua don Shean-Gréigis agus don Laidin. Tá sé thar am go raibh smaoineamh úr ann... tá dhá rud a mheas mé a bheith in easnamh maidir le luach na Sean-Ghréigise agus na Laidine (is cinnte go mbíonn baint níos leithne acu, ar ndóigh.) Ar an gcéad dul síos, an éiginnteacht. Éiginnteacht a sheasamh agus a láimhseáil, is é sin ceann de na buanna is mó atá ag na Daonnachtaí. [...] tá Éiginnteachtaí ag an Eolaíocht ar ndóigh ach tá cuma difriúil orthu. Ar an dara dul síos, scéalaíocht. Arís, is croílár na nDaonnachtaí í an scéalaíocht agus, dar liom, is é ceann de na scileanna iontacha a fhoghlaimíonn scoláirí na nDaonnachtaí.*

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur gné lárnach de Chlasaicí na Sraithe Sóisearaí í an scéalaíocht agus go dtugtar aird uirthi i Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta freisin.

## 2.4 Struchtúr an Chúrsa Snáitheanna agus torthaí foghlama

Iarradh ar fhreagróirí agus ar rannpháirtithe sna gnéithe éagsúil den chomhairliúchán machnamh a dhéanamh ar a oiriúnaí is a bhí Snáithe 1. Teanga Chlasaiceach mar a bhfuil torthaí foghlama leagtha amach de réir dhá ghné: *Ag Tuiscint Téacsanna Laidine / Sean-Gréigise agus ag forbairt feasacht teanga agus scileanna anailíse.* Tugadh soiléiriú gurbh é béim na snáithe seo ná forbairt a dhéanamh

ar chumas an scoláire fiosrúchán a dhéanamh agus ar a thuiscint ar théacsanna Laidine nó Sean-Ghréigise, chomh maith le forbairt a dhéanamh ar a scileanna ilteangacha trí chéile. Bhí leibhéal ard comhaontaithe ann go raibh na socruithe snáithe oiriúnach chun tacú leis an scoláire na scileanna agus na hinniúlachtaí atá de dhíth chun téacsanna dílse a léamh,

léirmhínithe agus aistriúcháin féideartha a phlé le comhscoláirí agus rochtain a fháil ar na hacmhainní a ligfidh dó a bheith ina fhoghlaimeoir teanga éifeachtacht neamhspleách. Mar sin féin, ba lú an leibhéal aontaithe go dtacódh na dréachtsonraíochtaí le foghlaimeoirí agus iad ag fuaimniú focal agus abairtí.

Bhí leibhéal ard aontaithe, freisin do cheapadh Snáithe 2: *Litríocht i gComhthéacs* Sa chuid seo, is iad na príomhghnéithe ná Litríocht na Laidine/na Sean-Ghréigise agus Cultúr na Rómánach agus na nGréigeach trí théacsanna Laidine/Sean-Ghréigise. Tá an bhéim anseo ar léirthuiscint agus tuiscint a bheith ar téacsanna Laidine nó Sean-Ghréigise laistigh dá gcomhthéacsanna sochstairiúla, cultúrtha agus liteartha. Tá béim freisin ar thuiscint a fháil ar ghnéithe de chultúr na nGréigeach nó na Rómánach trí staidéar a dhéanamh ar théacsanna, ag fiosrú disciplíní comhthéacsúla ar nós na staire, na polaitíochta, na hailtireachta, na healaíne, na fealsúnachta agus an reiligiún.

Chuir rannpháirteach sa ghrúpa fócais tríú leibhéal, a chuir fáilte roimh na sonraíochtaí toisc go raibh siad *sothuigthe agus ríshoiléir* in iúl gur mhaith leis an spás a bhí ann chun forbairt a dhéanamh ar fheasacht cultúrtha an scoláire agus gur mhaith leis freisin an spás sábháilte a bhí sna sonraíochta chun déileáil le saincheisteanna deacra nó íogaire atá ábhartha thar an domhan clasaiceach. Luaigh freagróir ar líne:

> *is é ceann de bhuanna mór na dteangacha agus na litríochta clasaicí go dtacaíonn siad go mór lena ár dtuiscint ar ábhair agus topaicí eile. Tá sé an-suimiúil féachaint ar an gcaoi a dtagann fás agus forbairt ar theanga de réir mar a imíonn an t-am, agus de réir mar a athraíonn cultúir. Leis seo, ligtear dúinn tuiscint níos doimhne a bheith againn ar shaol na linne seo. Agus dá bhrí sin, ceapaim go gcuirfeadh na torthaí thuas go mór le heispéireas foghlama scoláire na dteangacha clasaicí* .

Cuireadh fáilte roimh deiseanna machnamh criticiúil a dhéanamh ar ghnéithe cigilteacha de domhain na Sean-Ghréige agus na Róimhe, lena n-áirítear dearcthaí ar thaithí mionlach, ban, sclábhaí agus daoine faoi chois, chomh maith leis an deis fiosrúcháin féideartha a dhéanamh ar choincheapa amhail an chumhachta, inscne agus aicme, i measc rudaí eile. Luaigh an grúpa fócais scoláirí gur tharraing múinteoirí an churaclaim reatha aird ar na deiseanna plé seo, ach chuir an grúpa fáilte roimh sonrú follasach na dtéamaí seo mar réimsí foghlama agus measúnú féideartha. Thuig scoláirí go maith go bhféadfadh deiseanna teagaisc agus foghlama tacú go mór lena scileanna smaointeoireachta criticiúla.

> *B'fhearr liom go dtaispeánfar na dearcthaí difriúla agus muid ag plé saincheisteanna sóisialta, níor mhaith liom go n-inseofar dom iad. Ba bhreá liom a bheith in ann fiosrúchán mionchúiseach a fhorbairt ná go n-inseofar dom céard is maith ann agus céard is olc ann.*

Cuireadh roinnt ceisteanna maidir le sainmhínithe nó paraiméadair a bhain le focail ar leith a úsáideadh i dtorthaí foghlama. Mar shampla, cuireadh ceist maidir le brí an fhocail *simplí* in

aighneacht CCE-M agus sa ghrúpa fócais scoláire i gcomhthéacs Thoradh foghlama 1.3 inar cheart don scoláire a bheith in ann *focail, frásaí agus abairtí simplí Laidine/Sean-Ghréigise a fhuaimniú leis an méid cruinnis chomh maith le tuin chainte agus rithim cuí atá de dhíth chun go dtuigfear é nó í* agus arís i dtoradh foghlama 2.5, inar chóir don scoláire *fiosrú a dhéanamh ar stór focal agus rialacha gramadaí trí nathanna agus abairtí simplí a chríochnú agus a aistriú*. Mar an gcéanna, moladh go raibh breis soiléireachta de dhíth i gcás Thoradh Foghlama 1.6, áit ar cheart don scoláire a bheith in ann: *Aistriúcháin chruinne agus dhúchasacha a dhéanamh ar abairtí agus sleachta sa tSean-Ghréigis nach bhfuil ró-chasta.*

## 2.5 Socruithe don scrúdú scríofa

Cuireadh fáilte ar bhonn forleathan roimh na socruithe a bhí leagtha amach don mheasúnú. Bhain an fháilte seo leis an scrúdú scríofa agus leis an dara comhpháirt measúnaithe, *Téacs i gComhthéacs*. I gcás an dá rud, cuireadh in iúl go rabhthas ag iarraidh níos mó sainiúlachta, go háirithe in aighneacht mhúinteoirí CCÉ-M Mar shampla, lorgaíodh níos mó sonraí maidir le nádúr ar leith na gcineálacha ceisteanna a bhí molta do Roinn B den pháipéar scríofa agus sin ar aon dul leis an leibhéal sonraíochta cuí a bhí in Roinn A, dar le haighneacht CCÉ-M

Cuireadh fáilte roimh shonrú beartaithe ar téacs buaicphointe chun go n-éascófar measúnú ar thorthaí foghlama sa scrúdú deireadh. Luadh gur samhail mhaith é torthaí foghlama a bhunú ar théacs a raibh tábhacht liteartha leis. San aighneacht CCÉ-M cuireadh fáilte roimh choincheap de théacs buaicphointe ach ceapadh go mbeadh sé oiriúnach an téacs seo agus téacsanna oiriúnacha eile a shonrú sna cáipéisí sonraíochta féin.

Luaigh ball den ghrúpa fócais tríú leibhéal go gcaithfidh an-chúram a ghlacadh an téacs seo a roghnú ionas go gcinntítear go bhfuil nascadh cuí idir cuspóirí teangacha agus cuspóirí comhthéacsúla nó paraitheangeolaíochta na sonraíochtaí. Luadh freisin go gcaithfidh an dearcadh ar leith a fhaightear den domhan clasaiceach trí theasc a leathnú trí machnamh a dhéanamh ar théacsanna eile. Luaigh scoláire ón ngrúpa fócais iar-bhunscoile pointe a bhí cosúil leis sin. Dúirt sé:

> *Faoi láthair, múintear gné den stair ar an gcaoi chéanna Stair na hArdteiste. An bhféadfadh baol a bheith ann go gcaillfí amach ar roinnt de na miondifríochtaí leis an gcur chuige nua seo, dá ndéanfaí staidéar ar mhéid teoranta de théacsanna?*

Mar sin féin, admhaíodh go ndéantar soláthar don fheasacht seo sna sonraíochtaí.

Chuir baill CCÉ-M an-sástacht in iúl madair leis na molta don pháipéar scríofa ach dúirt siad go raibh gá le treoir níos sonraí ar ghnéithe ar leith mar a moladh anseo.

> *Táimid an-sásta le dáileadh na marcanna ar an bpáipéar agus an baint agus an chothromaíocht atá aige leis an Téacs i gComhthéacs. Maidir le Roinn A, mínítear go soiléir, dar linn, tábhacht*

*agus ábharthacht an Phríomhthéacs... chabhródh sé go mór le Roinn A agus B araon - Roinn B ach go háirithe - dá dtabharfaí roinnt soiléireachta maidir le 'réimse' na gceisteanna atá i gceist.*

## 2.6 An Dara Comhpháirt Measúnaithe

Glacadh go dearfach leis an dara comhpháirt measúnaithe do na sonraíochtaí nua. Luadh gur gné de mheasúnú é seo i roinnt ábhar eile agus gur mhaith an rud é go raibh na sonraíochtaí nua ag teacht leo. Nochtadh sa suirbhé ar líne go raibh 80% de fhreagróirí ann a d'aontaigh nó a d'aontaigh go láidir go leagtar amach socruithe oiriúnacha agus sásúla don dara comhpháirt measúnaithe sa roinn seo de na dréachtsonraíochtaí.

Bhí an dearcadh céanna sa ghrúpa fócais scoláire, cé gur léiríodh imní toisc go mbíonn spriocanna le haghaidh a leithéid de comhpháirt ag roinnt ábhar ag titim ag an tráth céanna den bhliain, rud a d'fhéadfadh a bheith ina údar struis.

Bhí an grúpa fócais tríú leibhéal go háirithe an-tógtha leis an ngné seo maidir le coincheap an dara comhpháirt measúnaithe agus maidir le héirim shonrach na comhpháirte, comhpháirt inar chuid bhunúsach d'fhiosrú comhthéacs cultúrtha níos leithne é staidéar teanga. Luaigh rannpháirtí sa grúpa go raibh an gné seo:

*cruthaitheach, gníomhach agus tá géarghá leis. Freisin, ligeann sé don scoláire machnamh a dhéanamh ar a fhoghlaim*

*féin, agus, san am céanna tacaíonn sé lena fhoghlaim ar feadh a shaoil agus lena thuiscint ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn sé.*

Freisin, ba é tuairim an ghrúpa go raibh an t-ualú de 20% den chomhpháirt seo ró-íseal agus luaigh siad go raibh athrú soiléir i dtreo an mheasúnaithe leanúnaigh sa tríú leibhéal, seachas ar scrúdaithe ar a raibh formhór na marcanna ag dul dóibh. Mar sin féin aithnítear go gcaithfear na socruithe don Sean-Ghréigis agus don Laidin a ailíniú le socruithe d'Ábhair Ardteistiméireachta eile cosúil leo.

Dúirt freagróir ar líne.

*Ceapaim go gcuirfeadh an measúnú 'Téacs i gComhthéacs' go maith le cúrsaí Theangacha Clasaiceacha na hArdteiste toisc go ligfidh sé do na scoláirí tabhairt faoin ábhar ar a mbealach féin. Chuirfeadh sin go mór lena bhfoghlaim féin toisc go dtugann sé an spáis dóibh tuiscint a bheith acu ar an gcaidreamh  atá acu leis an ábhar de réir mar atá siad ag déanamh staidéar uirthi agus tuiscint a bheith acu cén chaoi a nascann sé le hábhair eile a mbeadh spéis acu iontu, b'fhéidir. Seans go gcabhróidh tuiscint a fháil ar cén fáth a bhfuil tábhacht leis na Clasaicí sa linn seo freisin*

Ar an iomlán, luadh tabhairt isteach an dara comhpháirt measúnaithe sa chomhairliúchán mar ghné an-dearfach, a d'fhéadfadh sé ligean don scoláire a bheith nuálach agus spéiseanna taighde a leanúint ar bhealach fiúntach.

# Breithnithe agus Conclúidí

## 3.1 Breithnithe

Ar an iomlán, glacadh go maith leis na dréachtsonraíochtaí do Laidin agus Sean-Ghréigis na hArdteistiméireachta agus bhain an comhairliúcháin a gcuspóir amach tús a chur le plé agus díospóireacht ar ghnéithe lárnacha de dhearadh na gcúrsaí nua.

Fuarthas roinnt aiseolais sa chomhairliúchán, a gcaithfidh an mheitheal forbartha aird a thabhairt air. Is iad na saincheisteanna a ardaíodh sa chomhthéacs seo ná:

- Roinnt imní faoi dhoiléireacht nó easpa soiléireachta a síleadh a bheith ann i roinnt de na torthaí foghlama
- Roinnt imní faoi easpa mionsonraí a síltear a bheith ann maidir le ghnéithe den chaighdeán a bhaineann le gramadach agus le stór focail
- Easpa sonraíochta maidir le téacsanna ainmnithe a d'fhéadfadh a bheith ina bPríomhthéacsanna féideartha chun críche scrúdaithe
- Mian do thuilleadh eolais faoi shocruithe scrúdaithe
- Gá do thuilleadh coigeartaithe a dhéanamh ar an mbunús atá faoi shonraíocht an dá snáithe, ag cur béime ar ról scéalta agus na scéalaíochta agus ag cur níos mó béime ar an áit fhíorthábhachtach atá ag an tSean-Ghréigis agus Laidin sna Daonnachtaí
- Gá le béim a chur, ar bhealach dearfach, ar nádúr comhtháite teanga, litríocht agus cultúir, ar chuid bunúsach de dhearadh na sonraíochtaí í agus ar léiriú í ar athrú suntasach ó sean-siollabais agus na socruithe scrúdaithe a ghabh leo.

Luaitear gur shaincheisteanna iad roinnt de na saincheisteanna a bhféadfaí plé leo i bhforbairtí amach, a mbeadh mar chuspóir acu tacú le cur i bhfeidhm na sonraíochtaí, mar shampla soláthar do FGL agus tacaíocht leis, agus cumarsáid ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag an am tráthúil. Luaitear freisin gur aithníodh go raibh roinnt saincheisteanna agus gnímh níos leithne riachtanach chun tacú le cur i bhfeidhm rathúil na sonraíochtaí nua agus chun todhchaí na dteangacha sa churaclam a chinntiú maidir le hoiliúint múinteoirí agus soláthar múinteoirí.

Ar an iomlán, ardú meanman is ea é an tacaíocht atá á léiriú ag múinteoirí don dréachtsonraíocht nua. Léiríonn na trí tráchtanna seo a leanas ó mhúinteoirí sa suirbhé an líne an dearcadh sin agus is díol spéise é go dtagann ceann díobh ó mhúinteoir i scoil nach gcuireann na hábhair ar fáil ach a bhfuil súil léi iad a chur ar fáil sa chomhthéacs a chruthaíonn na dréachtsonraíochtaí nua seo:

1. *Is iad na dréachtsonraíochtaí seo an deis a bhí ag teastáil ó na teangacha clasaiceacha chun go léireofar a dtábhacht, ó thaobh cultúir agus ó thaobh an léinn de, sa lá atá inniu ann agus chun go mbeidh deis ag scoláirí staidéar a dhéanamh ar na teangacha le sonraíocht nua oiriúnach, a léiríonn an obair a rinneadh le hábhair eile sa sraith shinsearach le 10 bliain anuas.*
2. *Cur chuige nua iontach is ea seo maidir leis na teangacha sa sraith shinsearach agus d'fhéadfadh sé cur le méid na scoláirí a bheidh ag cur fúithi. Ag féachaint air mar scoil atá ag iarraidh na teangacha a mhúineadh den chéad uair le múinteoir nua, bheadh roinnt soiléireachta faoin méid ba cheart a bheith ar eolas ag na scoláirí ó thaobh na gramadaí de, an-chabhrach agus is dóigh go dtabharfaí faoiseamh do na scoláirí féin. Comhghairdeas do gach duine a bhí páirteach.*
3. *Forbairt spreagúil agus dearfach is ea na dreachtsonraíochtaí do na Teangacha Clasaiceacha. Is mór an faoiseamh é go bhfuil príomhthéacs mar chuid díobh. Tá gá le roinnt soiléireachta maidir le paraiméadair sealbhaithe teanga ar ceart a bheith bainte amach ag na foghlaimeoirí. Beidh sé fíorthábhachtach go gcuirfear acmhainní breise ar fáil ar nós páipéir shamplacha, chomh luath is a bheidh na sonraíochtaí faofa, chun go mbeifear in ann iad a mhúineadh ar bhealach éifeachtach.*

Tá an t-aiseolas a fuarthas ó scoláirí agus ó shaineolaí tríú leibhéal, mar a luadh i rith na tuairisce seo, ag teacht leis na ráitis dhearfacha a chuir múinteoirí in iúl. Cosúil le rannpháirtíocht scoláirí sa chomhairliúchán ar an gcáipéis eolais agus ar an Treorach le haghaidh na sonraíochtaí nua, is ábhar molta a chúramaí is a dhoimhne is a bhí machnaimh agus dearcthaí an scoláire agus is léir an paisean atá acu do na hábhair agus an imní atá acu dá bhfuil i ndán dóibh amach anseo. Sna dearcthaí a tugadh, tugtar fianaise bhreise ar a fiúntaí is atá sé éisteacht le dearcthaí daoine óga maidir lena taithí ar fhoghlaim, múineadh agus measúnú. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur freagraí ó scoláirí ab ea leath de na freagairtí a bhfuarthas ar an suirbhé ar líne, léiriú breise ar leibhéal spéise scoláirí sna teangacha.

## 3.2 Conclúid

Baineadh go leor tairbhe as an bpróiseas comhairliúcháin a thug neart faisnéise. Aithnítear rannpháirtíocht a ghlac páirt sa comhairliúchán agus tá CNCM buíoch as an aiseolas oscailte, ionraic, tiomanta, bunaithe, sainiúil agus bunaithe ar thaithí Léirítear san aiseolas comhairliúcháin go bhfuil dearcthaí an-dearfach ar na dréachtsonraíochtaí, ach ag an am céanna, aithnítear go bhfuil soláthar FGL, tacaíochtaí agus acmhainní ríthábhacht do chur i bhfeidhm rathúil. Aithnítear leibhéal mór ionchur ó mhúinteoirí agus léiríonn an freagairt dearfach ó mhúinteoirí dóchas faoin deis atá ann athbheochan a dhéanamh ar na hábhair, os rud é nach raibh aon athrú suntasach orthu le blianta beaga anuas.

Aithnítear go bhfuil roinnt dúshlán fós ann maidir le hathbheochan a dhéanamh ar áit na Sean-Ghréigise agus na Laidine sa churaclam. Luaitear méid beag na múinteoirí agus na scoileanna a éascaíonn na hábhair faoi láthair Má tá níos mó scoileanna chun an ábhar a chur ar fáil agus má tá ardú le teacht ar an líon scoláire a mbeadh an deis acu iad a fhoghlaim, caithfear machnamh a dhéanamh ar cháilíochtaí na múinteoirí. Mar sin féin, tá athchóiriú agus athaoisú na n-ábhar agus an deis atá ag scoláire staidéar a dhéanamh ar na hábhair gan aon réamhfhoghlaim ina n-údar dóchais maidir le todhchaí na dteangacha.

Ar an ábhar céanna agus chun tús a chur leis an tuairisc seo, seo machnamh ó léachtóir ollscoile reatha le Laidin mar achoimre ar na dearcthaí dearcadh maidir lena bhféadfaí a bhaint amach leis na sonraíochtaí nua.

> *Rud a chuireann sceitimíní orm faoin sonraíocht nua ná go gcuireann sé an Laidin ar aon dul le réimse mór de nuatheangacha atá ar fáil mar chuid den sraith shóisir agus den sraith shinsir. Tá deireadh anois leis an dearcadh simplí agus seanchaite gurb í agus gurbh í an Laidin teanga (ghaiscí) na himpire Rómánaigh. Dearcadh ab ea sin a dhírigh ar dhomhain cúng a bhain le cúrsaí míleata, ardpholaitíocht agus ardlitríocht. Ina ionad, tá ceapadh níos iomlánaíche agus níos umhaile den teanga, teanga a bhfuil a sainiúlacht fréamhaithe sa chruthaitheacht agus sa tsamhlaíocht ar codanna de gach teanga iad. Aithnítear luach gnéithe traidisiúnta, 'clasaiceacha' na Laidine, ach féachtar orthu ar bhealach úr atá dírithe ar 'aistear an scoláire mar dhuine ilteangach' agus tá siad á mbíogadh ag 'áilleacht teanga agus ag an lúcháir a bhaineann le téacsanna a léamh agus a phlé'.*

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment